Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Nollaig 2025**
**(OR. en)**

**16963/25**

**ECOFIN 1765**
**UEM 642**
**FIN 1567**
***ECB***
***EIB***

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 15 Nollaig 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2025) 8900 final |
| Ábhar: | CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOIMISIÚN<br>an 15.12.2025<br>lena mbunaítear an creat le haghaidh oibríochtaí iasachtaíochta agus oibríochtaí bainistithe fiachais agus leachtachta an Aontais in 2026 faoin straitéis cistiúcháin éagsúlaithe |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2025) 8900 final.

Faoi iamh: C(2025) 8900 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 15.12.2025
C(2025) 8900 final

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOIMISIÚN

**an 15.12.2025**

**lena mbunaítear an creat le haghaidh oibríochtaí iasachtaíochta agus oibríochtaí bainistithe fiachais agus leachtachta an Aontais in 2026 faoin straitéis cistiúcháin éagsúlaithe**

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOIMISIÚN**

**an 15.12.2025**

**lena mbunaítear an creat le haghaidh oibríochtaí iasachtaíochta agus oibríochtaí bainistithe fiachais agus leachtachta an Aontais in 2026 faoin straitéis cistiúcháin éagsúlaithe**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú)[1], agus go háirithe Airteagal 224 de,

Ag féachaint do Chinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2014/335/AE, Euratom[2], agus go háirithe Airteagal 5(1), pointe (a), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hAirteagal 3 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE, Euratom) 2023/2825 ón gCoimisiún[3], déantar foráil maidir le cinneadh réime iasachtaíochta agus bainistithe fiachais agus leachtachta a ghlacadh lena leagtar síos uasteorainneacha bliantúla áirithe le haghaidh na n-oibríochtaí iasachtaíochta agus bainistithe fiachais agus lena ndeonaítear an t-údarú le haghaidh oibríochtaí bainistithe leachtachta is féidir a dhéanamh le linn bliain féilire i gcur chun feidhme na straitéise cistiúcháin éagsúlaithe arna bunú i gcomhréir le hAirteagal 224 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509. Ar an mbonn sin, is gá cinneadh bliantúil iasachtaíochta a ghlacadh le haghaidh 2026.

(2) Is gá na huasteorainneacha le haghaidh na n-oibríochtaí iasachtaíochta agus bainistithe fiachais a shocrú le haghaidh 2026 trí na nithe seo a leanas a chinneadh: uasmhéideanna an chistiúcháin fhadtéarmaigh agus ghearrthéarmaigh, meánaibíocht chistiúchán fadtéarmach an Aontais agus teorainn le haghaidh an mhéid in aghaidh na heisiúna.

(3) Ba cheart na riachtanais chistiúcháin a chomhlíonadh, le himeacht ama, trí ionstraimí cistiúcháin fadtéarmacha a eisiúint. Ba cheart uasmhéid an chistiúcháin fhadtéarmaigh le haghaidh 2026 a bhunú ar na méideanna eisíocaíochtaí réamh-mheasta arna gcur in iúl ag oifigigh údarúcháin an chláir d'Ard-Stiúrthóireacht an Bhuiséid i gcomhréir le hAirteagal 5(2) agus (3) de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE, Euratom) 2023/2825.

(4) Tá na riachtanais chistiúcháin in 2026 á spreagadh, den chuid is mó, ag an sceideal eisíocaíochtaí faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (STA) a bunaíodh le

[1] IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj
[2] IO L 424, 15.12.2020, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2020/2053/oj
[3] IO L, 2023/2825, 18.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2023/2825/oj

Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4]. Leis na riachtanais chistiúcháin le haghaidh STA a cuireadh san áireamh chun críocha an Chinnidh seo, léirítear na méideanna is déanaí a bhí ar eolas tráth a nglactha tar éis na n-athbhreithnithe is déanaí ar phleananna téarnaimh agus athléimneachta na mBallstát.

(5) Mar gheall ar réamh-mhaoiniú agus maoiniú breise iasachtaí faoin ionstraim um Ghníomhaíocht Slándála don Eoraip (SAFE), cuirfear leis na riachtanais chistiúcháin in 2026. Ar deireadh, bannaí ar mhéid EUR 33 bhilliún, a eisíodh faoin straitéis cistiúcháin éagsúlaithe ó bhí 2021 ann, tiocfaidh siad in aibíocht in 2026 agus ní mór iad a athmhaoiniú.

(6) Chun a áirithiú go ndéanfar riachtanais eisíocaíochta le haghaidh na gclár uile faoin straitéis cistiúcháin éagsúlaithe, ba cheart an Cinneadh seo a bheith leordhóthanach chun cláir nua cúnaimh airgeadais a chumhdach a ghlacfar tar éis a theacht i bhfeidhm. I bhfianaise na héiginnteachta maidir leis na méideanna deiridh is gá le haghaidh cláir bhunaithe agus chun freastal ar riachtanais gan choinne, ní mór maolán réamhchúraim a léiriú sna huasteorainneacha.

(7) Chomh maith le heis-sreafaí, ba cheart a chur san áireamh i bpleanáil cistiúcháin an Aontais in 2026 na hinsreafaí a eascraíonn as aisíoc luath iasachtaí faoin Sásra Cobhsaíochta Airgeadais Eorpach. Leis an athrú a rinneadh le déanaí ar Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE, Euratom) 2023/2825 ceadaítear don Aontas aisíocaíochtaí luatha den sórt sin a chur chun feidhme mar chuid dá straitéis cistiúcháin. Cuirtear san áireamh sa Chinneadh Bliantúil Iasachtaíochta seo aisíocaíocht luath suas le EUR 10 mbilliún. Is féidir na hinsreafaí sin a úsáid chun laghdú a dhéanamh ar an ngá atá le heisiúint fiachais nua chun cláir eile a mhaoiniú.

(8) Ar bhonn na riachtanas cistiúcháin comhcheangailte sin, is iomchuí uasmhéid an chistiúcháin fhadtéarmaigh in 2026 a shocrú ag EUR 200 billiún. Socraítear an t-uasmhéid sin agus na riachtanais réamh-mheasta íocaíochta agus athmhaoiniúcháin in 2026 á gcur san áireamh, agus na riachtanais chistiúcháin a d'fhéadfadh a bheith ann a chumhdófar le cistiúchán gearrthéarmach á gcur san áireamh freisin. Féadfaidh an méid sin dul os cionn, de chorrlach teoranta, na spriocanna cistiúcháin a chuirfear in iúl don mhargadh trí phleananna cistiúcháin 6 mhí. Is léiriú iad na spriocmhéideanna a chuirfear in iúl trí bhíthin na bpleananna sin ar threoraíocht mheasta an Choimisiúin d'infheisteoirí maidir le heisiúintí atá beartaithe thar thréimhse atá le teacht.

(9) Chun freastal ar na riachtanais mhóra chistiúcháin a eascraíonn as an méadú atá ag teacht ar an líon clár atá ag brath ar eisiúint Bhannaí an Aontais le haghaidh maoiniú, ba cheart an cistiúchán fadtéarmach a chomhlánú le cistiúchán gearrthéarmach, mar a rinneadh sna blianta roimhe seo agus go pointe breise in 2026. I bhfianaise na héiginnteachta atá fós ann maidir leis na méideanna is gá le haghaidh roinnt clár, beifear ag brath níos mó ar chistiúchán gearrthéarmach in 2026. Le cistiúchán gearrthéarmach seachnaítear costais seirbhísithe fiachais fhadtéarmaigh agus, dá bhrí sin, is réiteach cistiúcháin níos éifeachtúla é le haghaidh na comhpháirte éiginnte de riachtanais chistiúcháin, rud atá níos airde in 2026 i gcomparáid leis na blianta roimhe sin. Mar sin féin, le spleáchas níos mó ar chistiúchán gearrthéarmach, méadaítear neamhchosaint an Aontais ar arduithe ar rátaí úis agus, dá bhrí sin, níor cheart é a

[4] Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj).

úsáid ach ar bhealach idirthréimhseach agus chun aghaidh a thabhairt ar an éiginnteacht a bhaineann le riachtanais chistiúcháin fhadtéarmaigh a d'fhéadfadh a bheith ann faoi dheireadh i gcaitheamh na bliana. Ba cheart uasmhéid EUR 100 billiún a shocrú le haghaidh creidmheas atá gan íoc faoi chlár Bhillí an Aontais agus uirlisí comhchosúla eile chun freastal ar riachtanais leachtachta ghearrthéarmacha, amhail línte creidmheasa.

(10) Sa bhreis ar na méideanna a chruinnítear trí chlár Bhillí an Aontais, ba cheart teorainn ar leithligh a bhunú le haghaidh cistiúchán gearrthéarmach a chruinnítear trí idirbhearta margaidh airgid urraithe (idirbhearta athcheannaigh droim ar ais chun modh breise a sholáthar chun leachtacht a shlógadh de réir mar is gá). Is iomchuí, dá bhrí sin, uasmhéid gan íoc EUR 80 billiún d'urrúis an Aontais a bhunú, arb urrúis iad atá le sealbhú ar a gcuntas féin agus atá le húsáid chun cistiúchán sealadach a thiomsú.

(11) Ba cheart an t-uasmhéid gan íoc in aghaidh na heisiúna a bhunú, rud a léireoidh an riosca comhchruinnithe tráth na haibíochta. Chun go mbeidh dea-ghlacadh le hoibríochtaí cistiúcháin fadtéarmacha an Choimisiúin, ba cheart an aibíocht uasta in aghaidh na heisiúna a bheith ard go leor chun leachtacht na mbannaí a eisíodh a chothú, ionas go laghdófar na costais trí spéis a mhealladh ó níos mó infheisteoirí.

(12) Chun cur chun feidhme an chláir bannaí a éascú in 2026, ba cheart an t-uasmhéid in aghaidh na heisiúna a shocrú ag EUR 25 bhilliún.

(13) Le meánaibíocht uasta an chistiúcháin fhadtéarmaigh, ba cheart solúbthacht leordhóthanach a áirithiú i gcur chun feidhme na gclár a chumhdaítear leis an straitéis cistiúcháin éagsúlaithe chun éileamh infheisteoirí a mhealladh agus urraim á tabhairt, an tráth céanna, do na teorainneacha atá nasctha leis na hacmhainní buiséadacha chun dliteanais theagmhasacha a chumhdach. Agus dálaí reatha an mhargaidh, an spéis ó infheisteoirí ar fud an speictrim aibíochta agus na hacmhainneachtaí buiséadacha atá ar fáil á gcur san áireamh, ba cheart meánaibíocht uasta an chistiúcháin fhadtéarmaigh tráth eisiúna a shocrú ag 17 mbliana.

(14) Féadfaidh iarmhéideanna airgid thirim a charnadh i gcuntas an Choimisiúin ag an mBanc Ceannais Eorpach nuair a thiteann eisíocaíochtaí chun deiridh faoin sceideal beartaithe agus faoin luas eisiúna gaolmhar. Ba cheart don Choimisiún a bheith in ann iarmhéideanna airgid thirim a thógáil go réamhghníomhach chun freastal ar riachtanais eisíocaíochta throma thar thréimhse fhadaithe. Ba cheart an Coimisiún a údarú chun bainistiú gníomhach a dhéanamh ar aon mhéid de bhreis ar shealúchais airgid stuamachta, mar a shainmhínítear in Airteagal 2(7) de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE, Euratom) 2023/2825. An fhéidearthacht maidir le hoibríochtaí bainistithe leachtachta a dhéanamh in 2026, ba cheart í a údarú, chun leachtacht iomarcach a bhainistiú go héifeachtach. Leis an údarú sin, is féidir leis an gCoimisiún seasaimh oscailte a choinneáil ar bun a bheidh fós ar bun sa bhliain féilire dár gcionn. Ba cheart é sin a chur chun feidhme ar bhonn na straitéise bainistithe leachtachta dá dtagraítear in Airteagal 8(3) de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE, Euratom) 2023/2825.

TAR ÉIS A CHINNEADH MAR A LEANAS:

*Airteagal aonair*

1. Ón 1 Eanáir 2026 go dtí an 31 Nollaig 2026, cuirfidh an Coimisiún oibríochtaí chun feidhme laistigh den chreat agus de na teorainneacha seo a leanas:

   (a) i gcás cistiúchán fadtéarmach, suas le huasmhéid EUR 200 billiún, a fhéadfar a úsáid le haghaidh eisíocaíochtaí faoi chláir cúnaimh airgeadais atá ann cheana agus le haghaidh cláir cúnaimh airgeadais a thiocfaidh i bhfeidhm in 2026;

   (b) i gcás cistiúchán gearrthéarmach, suas le huasmhéid gan íoc EUR 100 billiún i gcreidmheas gan íoc ag aon tráth ar leith, lena n-áirítear ó Bhillí an Aontais agus ionstraimí cistiúcháin ghearrthéarmaigh eile a eisiúint ach gan idirbhearta athcheannaigh a áireamh;

   (c) i gcás idirbhearta athcheannaigh i gcomhréir le mír 4, arb idirbhearta iad is fiú suas le huasmhéid EUR 80 billiún.

2. Is é EUR 25 bhilliún a bheidh san uasmhéid in aghaidh eisiúint an chistiúcháin fhadtéarmaigh.

3. Is é 17 mbliana a bheidh i meánaibíocht uasta an chistiúcháin fhadtéarmaigh.

4. In 2026, is é EUR 80 billiún a bheidh in uasmhéid na n-eisiúintí dílse gan íoc is féidir a shealbhú ar a gcuntas féin chun idirbhearta athcheannaigh a dhéanamh d’fhonn tacú leis an margadh tánaisteach in urrúis an Aontais nó chun cistiúchán gearrthéarmach a shlógadh.

5. Nuair is mó an méid sa chuntas dá dtagraítear in Airteagal 14 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE, Euratom) 2023/2825 ná méid is gá le haghaidh na sealúchas airgid stuamachta mar a shainmhínítear in Airteagal 2(7) den Chinneadh Cur Chun Feidhme sin, féadfaidh an Coimisiún oibríochtaí bainistithe leachtachta a chur chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 8 den Chinneadh Cur Chun Feidhme sin. Cuirfidh sé sin ar a chumas don Choimisiún freisin oibríochtaí leachtachta a bhainistiú a dtiteann a ndáta aibíochta sa bhliain féilire dár gcionn.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 15.12.2025

*Thar ceann an Choimisiúin*
*Piotr SERAFIN*
*Comhalta den Choimisiún*